

# ❖ An Lúibín ❖

5 Samhain 2013

## Nuachtán nua

Deir Foras na Gaeilge go gcuirfidh siad deontas €1.2m ar fáil le haghaidh nuachtán seachtainiúil Gaeilge a bheadh ar fáil ar líne. Conradh trí bliana atá i gceist, cé nach bhfuil an foilsitheoir roghnaithe fós. Thit a lán nuachtán Gaeilge ar lár – *Lá Nua*, *Gaelscéal*, *Foinse* ina measc – ach dealraíonn sé go mbeidh lá eile ag an bPaorach. Chuaigh Foras na Gaeilge i gcomhairle le lucht na Gaeilge níos luaithe i mbliana faoin nuachtán nua ar-líne.

Tá oidhre clóite ag *Foinse*, ar aon chuma: i ndeireadh Mhí Mheán Fómhair seoladh nuachtán Gaeilge mar fhorlíonadh de chuid an *Irish Independent*. *Seachtain* na teideal atá air agus bíonn sé ar fáil gach Céadaoin.



## Joe Éiniú, fear na n-amhrán

I Mí Eanáir 1981 tháinig an t-amhránaí ar an sean-nós Seosamh Ó hÉanaí (Joe Heaney), nó Joe Éiniú mar a thugtaí air ina cheantar féin, chun Áras Ceoldrámaíochta Sydney agus slua ag tnúth leis. Duine é a tháinig sé faoi bhráid an phobail díreach ag am an ‘folk revival’ sa Bhreatain agus sna Stáit, nuair a bhí ceol ardáin nó ealaíne á dhéanamh de cheol traidisiúnta na hÉireann. Pearsa idirthréimhseach ba ea Joe Éiniú, mar sin: duine a thug modh ársa amhránaíochta os comhair slua nua éisteachta a raibh blas na ‘barántúlachta’ uathu. Ba mhínic nárbh Éireannaigh iad.

Rugadh Joe Éiniú ar 15 Deireadh Fómhair 1924 san Aird Thoir, baile fearainn taobh thiar de Charna; áit a bhí iargúlta go leor ag an am. Bhí sé ar an gcúigiú duine de sheachtar clainne a rugadh do Phádraig Ó hÉighnigh agus Bairbre Ní Mhaoilchiaráin. Thug sé an scéalaíocht leis ó thaobh a mháthar agus an amhránaíochta ó thaobh a athar. D’fhreastail sé ar Scoil na hAird, áit ar gríosáidh na daltaí chun suim a chur sa bhéaloideas, agus chaith sé dhá bhliain i gColáiste Éinde, coláiste ullmhúcháin i mBaile Átha Cliath. Bhuaigh sé comórtas amhránaíochta ag Feis Charna sa bhliain 1940, agus sa bhliain 1942 ghnóthaigh sé duais ag an Oireachtas i mBaile Átha Cliath.

Tar éis an chogaidh chuaigh Joe go dtí an Bhreatain ar lorg oibre; phós sé Mary, iníon Sheáin Uí Chonghaile as Caladh Mhuinse, agus rugadh ceathrar clainne dóibh. Ní raibh rath ar an bpósadh, agus ní raibh teagmháil aige leis an gclann tar éis do Mary bás a fháil sa bhliain 1966. Faoin am sin bhí éileamh ar amhránaíocht Joe Éiniú i gclubanna ceoil Shasana agus na hAlban: ba iad sin na blianta a raibh tóir ar cheol traidisiúnta. Tháinig an chéad fhadcheirnín dá chuid amach sa bhliain 1963: ‘Joe Heaney: Irish Traditional Songs in Gaelic and English’.

Chuir sé faoi i mBaile Átha Cliath; bhí sé mór leis na Clancys, le Ronnie Drew (fear mór na Dubliners) agus lena leithéidí eile, cé gur beag meas a bhí cuid dá lucht leanúna siúd ar na seanamhráin Ghaeilge. Sa bhliain 1965 rinne Liam Clancy cuireadh a fháil dó chun an Newport Folk Festival sna Stáit, agus dúirt sé amhráin ag an Philadelphia Folk Festival freisin. Pé iomrá a bhí air faoin am sin, bhí sé ag dul rite leis a bheatha a shaothrú mar amhránaí sa bhaile: dá bhrí sin cheannaigh Tom Clancy pasáiste anonn go dtí na Stáit dó agus fuarthas post dó mar dhoirseoir in Óstán Langham i Nua Eabhrac.

Tháinig cáil ar Joe i measc lucht leanúna an cheoil traidisiúnta sna Stáit, ach is beag suim a chuir Gael-Mheiriceánaigh Nua Eabhrac ann: bhí blas bréan an phortaigh, dar leo, ar a chuid amhrán. Bhí spéis ag lucht léinn ann, áfach: idir na blianta 1976 agus 1981 bhí ranganna ar siúl aige in Ollscoil Wesley in Middletown, Connecticut. Bhíodh seimineáir agus ceardlanna ar bun aige in ollscoileanna eile, agus bhíodh sé, ar ndóigh,

páirteach i bhféilte ceoil sna Stáit agus i gCeanada. Sa bhliain 1977 bhronn Ollscoil Oirdheisceart Massachusetts Gradam an Eisteddfod air as a raibh d'amhráin agus de scéalta aige.

Ait mar a tharla, tháinig an cumadóir *avant garde* John Cage ar a thóir. Bhí Cage ag cumadh píosa a bhí bunaithe ar *Finnegans Wake* agus bhí Joe ag teastáil uaidh mar amhránaí. Cuireadh 'Roaratorio' i láthair den chéad uair sa Centre Georges Pompidou i bPáras sa bhliain 1980, agus ceol, amhránaíocht, léitheoireacht, agus fuaimeanna fánacha fite fuaite ina chéile ann. Bhí a lán ceoltóirí Éireannacha eile ann ach deirtear gurb é Joe is mó a chuaigh amach ar shaothar agus ar aigne Cage.

Faoin mbliain 1982 bhí sé ina chónaí in Seattle, áit ar chaith sé dhá bhliain mar ealantóir cónaitheach in Ollscoil Washington. Fuair sé Comhaltacht Oidhreacht Náisiúnta ón National Endowment for the Arts in Washington, D.C.. Cailleadh é in Seattle sa bhliain 1984.

Níor naomh é Joe Éiniú: bhí sceachaireacht éigin ann agus d'fhéadfadh sé a bheith dúranta. Bhí sé pósta ach níorbh fhear teaghligh é. Ach ba thogha amhránaí é i nGaeilge agus i mBéarla, agus mar amhránaí a chuimhneofar air.

Féach [www.joeheaney.org](http://www.joeheaney.org) agus [http://www.mustrad.org.uk/reviews/j\\_heaney.htm](http://www.mustrad.org.uk/reviews/j_heaney.htm).



## Staid na Briotáinise

De réir an mheastacháin is airde, tá Briotáinis ag timpeall 200,000 duine sa Bhriotáin; de réir an mheastacháin isle, níl ann ach timpeall 13,000 duine. Maítear go bhfuil sí ar a dtail ag 13% de phobal na Briotáine Íochtaráí agus deir a lán eile gur féidir leo í a thuiscint. Sa bhliain 1950 bhí timpeall 100,000 duine ann nach raibh acu ach Briotáinis; is beag Briotáiniseoir anois nach mbeadh Fraincis aige freisin. Daoine a bhfuil na trí fichid sáraithe acu is ea an dream is líonmhaire agus is líofa, agus tá sé fógartha ag UNESCO go bhfuil an teanga 'i mbaol'. Is lú ná 50% an líon cainteoirí Briotáinise a labhraíonn an teanga lena gclann.

Ar éigin atá stádas dlí ag an mBriotáinis: maítear gurb í an Fhraincis teanga na Poblachta, cé go n-admhaítear go mbaineann na teangacha réigiúnacha le 'dúchas na Fraince' (*le patrimoine de la France*). Níl an Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh curtha i bhfeidhm sa Fhrainc. Deirtear i gcónaí gur iarsma d'idé-eolaíocht na Réabhlóide atá againn anseo: pobal amháin, teanga amháin. Mar sin féin, rinne an stát agus forais áitiúla sa Bhriotáin an Chairt Chultúrtha Bhriotánach a shíniú sa bhliain 1977. Tá trí bhunphointe ag baint léi: an teanga agus an cultúr a mhúineadh, an teanga a chur á craoladh ar an raidió agus ar an teilifís, agus an dúchas a chaomhnú.

Tá sé an-deacair fós ranganna dátheangacha a chur ar bun i scoileanna poiblí, fiú más ardchaighdeán acadúil atá i gceist. Sa bhliain 1977, áfach, cuireadh gréasán scoileanna lán-Bhriotáinise ar bun agus é cosúil leis an gcóras gaelscolaíochta: sin córas Diwan. Múintear gach rud trí Bhriotáinis go dtí seacht mbliana d'aois; tugtar an Fhraincis isteach de réir a chéile ina dhiaidh sin, agus tá teangacha eile ar fáil sa mheánscoil. Faoi láthair tá timpeall 3,500 dalta ag freastal ar na scoileanna seo, agus sa bhliain 2004 osclaíodh naionra de chuid Diwan i bPáras.

Tá an teanga á cur chun cinn ag Oifig na Briotáinise (Ofis ar Brezhoneg - [www.ofis-bzh.org](http://www.ofis-bzh.org)), foras a bunaíodh sa bhliain 1999. Tá siad ar a ndícheall ag cur na teanga in oiriúint don saol atá anois ann agus ag spreagadh úsáid na Briotáinise ag comhlachtaí agus ag comhairlí áitiúla.

Tá tábhacht leis na meáin i gcaomhnú agus i neartú na teanga. Tá cúpla stáisiún ann a chraolann i mBriotáinis ar fad agus roinnt eile a bhfuil cláir Bhriotáinise acu. Tá roinnt éigin clár le fáil ar an teilifís agus ar an Idirlíon, ach d'fhéadfaí i bhfad níos mó a dhéanamh. Is mó an rath atá ar na hirísí: tá cuid mhaith acu ann, gan trácht ar na hailt a thagann amach ar nuachtáin Fhraincise.

Is fiú a rá go bhfuil bláthú le haithint le tamall anuas ar chúrsaí scríbhneoireachta, rud a chuideodh go mór leis an teanga a dhaingniú sa saol comhaimseartha. Bhí iomrá le Pierre-Jakez Hélias agus leis na filí Anjela Duval agus Jean-Pierre Calloc'h; lean scríbhneoirí eile iad, agus faoi láthair tá isteach is amach le dhá úrscéal déag á bhfoilsíú in aghaidh na bliana, gan trácht ar bhailiúcháin filíochta agus ar chritic liteartha.



### **Bundúchasaigh Victoria**

Buantaispeántas in Lárionad Bundúchasach Bunjilaka i Músaem Melbourne is ea *First Peoples* agus é ag léiriú stair agus chultúr Bhundúchasaigh Victoria. Tá Bunjil an t-iolar dingearrach chun tosaigh sa scéal: deirtear gurb eisean a chum a lán treibheanna le linn an Tuismidh. Tá os cionn sé chéad déantúsán ann agus cuid mhaith acu bailithe i seascaidí an 19ú haois; tá airm, uirlisí, soithí, ciseáin agus ornáidí ann agus cuid mhaith acu chomh greanta sin gur saothair ealaíne iad. Deirtear gurb é seo an taispeántas is mó agus is iomláine dá shaghas a cuireadh ar bun riamh.

Ar 29 Deireadh Fómhair bhí roinnt cainteanna sa Mhúsaem ar athbheochan teangacha Bundúchasacha in Victoria. Ar na cainteoirí bhí Paul Paton, oibrí de chuid an Victorian Aboriginal Corporation for Languages (VACL - <http://www.vaclang.org.au/>). Dúirt sé go raibh beocht éigin fós in ocht dteanga dhéag as an 250 teanga a bhí ann ar dtús ach gur chríochnaigh seachadadh nádúrtha na dteangacha in Victoria sa dara cuid den 19ú haois. Bhíodh ocht dteanga is tríocha á labhairt in Victoria agus tá cosúlacht mhór idir na focail atá ag a bhformhór.

Tá athbheochan á déanamh ar timpeall dhá cheann déag de na teangacha (Watha wurung, mar shampla), toisc gurb iadsan na cinn ar fusa teacht ar eolas orthu. Tá cuimhne ag na seanóirí ar roinnt den chaint agus tá eolas le tarraingt as cáipéisí coilíneacha. Bailíodh nó caomhnaíodh abairtí, amhráin, aistriúcháin a rinne misinéirí agus rudaí a scríobh na Bundúchasaigh féin. Mar sin féin, tá bearnaí ann agus míthuiscintí stairiúla; is iomaí litriú Béarla a d'fhéadfaí a chur fiú ar aon fhocal Bundúchasach amháin sna seancháipéisí, agus ní mór iniúchadh grinn a dhéanamh chun teacht ar an bhfuaimniú ceart.

Is iad cuspóirí na hoibre féinmheas a chothú, ábhar oideachais a sholáthar, seánraí nua a shaothrú agus na teangacha a chur á labhairt arís. Tá daoine ann nach bhfuil an oiread sin suime acu san obair agus daoine eile (ar nós Paul féin) atá sáite inti.

Déanann VACL an fhaisnéis go léir a chruinniú in aon áit amháin. Tá cartlann chuimsitheach ann, ábhar teangeolaíoch agus eolas a fuarthas ó bhéal an phobail. Caithfear an bhéascna oiriúnach a leanúint agus béaloideas á bhailiú agat: ní foláir duit dul i comhairle leis an bpobal mar is cuí, éisteacht go cúramach lena bhfuil á rá leat agus meas a bheith agat ar na faisnéiseoirí.



### ***Forgotten War*: Henry Reynolds agus stair na gcogaí Bundúchasacha**

Tá cáil ar Henry Reynolds: staraí a thug léargas ar scéal atá idir chasta agus uafásach – gabháil na nEorpach ar an Astráile sa 19ú haois agus an comhrac fada a bhí ar bun idir iad agus Bundúchasaigh na tíre dá bharr. Chuaigh saothar Reynolds i bhfeidhm go mór ar aigne mhuintir na hAstráile, agus ar an dlí féin: bhí a rian ar bhreitheanna de chuid Ard-Chúirt na hAstráile nuair a maíodh go ndearna na coilínigh úd éagóir mhór ar na Bundúchasaigh ('a national legacy of unutterable shame'). Tharraing saothar Reynolds conspóid, rud nár chuir aon anbhuaire air, agus seo anois an leabhar is déanaí óna lámh: *Forgotten War*.

Cuireann Reynolds an cheist seo: Cén fáth a bhfuil drogall ar phearsana poiblí a admháil gur cogadh ceart a bhí ar siúl sa tír idir deireadh an 18ú haois agus fichidí an 20ú haois? Deireadh na coilínigh féin gur chogadh a bhí ann – in New South Wales, sa Tasmáin, i ndeisceart agus in iarthar na tíre, agus go háirithe in Queensland; ach ansin, nuair a bhí an tír sealbhaithe, ligeadh an comhrac chun dearmaid: 'The frontier became a site of struggle with the land, not a fight for the possession of it'.

Níorbh é sin deireadh an scéil. Sna seascaidí thosaigh daoine ag cur suime in iarsmaí an chiníochais, agus bhí na Bundúchasaigh féin ag éileamh cirt agus cúitimh. Bhí a rian seo ar chúrsaí antraipeolaíochta agus staire, agus bhain scríbhneoirí agus scannánaithe tairbhe as an ábhar. Sa bhliain 1990 chealaigh Ard-Chúirt na hAstráile teoiric *terra nullius* a dúirt nach raibh an tír i seilbh dream ar bith sular tháinig na hEorpaigh.

Bhí Reynolds chun tosaigh sa díospóireacht agus sa chonspóid; bhí a lán daoine ann nár mhian leo a admháil go smál na fola chomh domhain sin ar stair na tíre. Mar sin féin, is féidir a dhéanamh amach gur maraíodh timpeall 2,500 coilíneach agus gur gortaíodh a oiread eile. Deir Reynolds gur maraíodh timpeall 30,000 Bundúchasach ar fud na tíre.

Déanann staraithe míleata na hAstráile trácht ar an gcomhrac úd anois mar chogadh, ach ní mór an lorg a d'fhág sé sin ar dhearcadh na coitiantachta, cé go bhfuil an-spéis ag an ngnáthphobal in eachtraí saighdiúirí Astrálacha – spéis atá á chothú ag an rialtas roimh cheiliúradh Gallipoli, ócáid a bheidh ann sa bhliain 2015. Tugtar aitheantas anois do shaighdiúirí Bundúchasacha i bhfórsaí na hAstráile, ach diúltaítear aitheantas oifigiúil a thabhairt dá sinsir siúd a bhíodh ag cosaint a dtailte féin. Is fada go mbeidh siad le fáil i gCuimhneachán Cogaidh na hAstráile - 'the sacred centre of white Australian nationalism'.

Tá an ceart, is dócha, ag Reynolds nuair a deir sé: 'The violence that accompanied the appropriation of land cast a long, debilitating shadow over the generations that followed'. Cuireann an leabhar seo an dlaoi mhullaigh ar shaothar údair a d'athraigh an tuiscint atá ag Astrálaigh orthu féin.

***Forgotten War.* Newsouth Publishing 2013. ISBN 9781742246499**

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

## Leaganacha simplithe

### Joe Éiniú (Joe Heaney)

Amhránaí mór ar an sean-nós ba ea Seosamh Ó hÉanaí (Joe Heaney), nó Joe Éiniú mar a thugtaí air ina cheantar féin. Tháinig clú air le linn an ‘folk revival’ a bhí ar siúl sa Bhreatain agus sna Stáit, nuair a bhí ceol ‘ealaine’ á dhéanamh de cheol traidisiúnta na hÉireann.

Rugadh é sa bhliain 1924 san Aird Thoir, baile fearainn taobh thiar de Charna; áit iargúlta. Chaith sé dhá bhliain i gColáiste Éinde, coláiste ullmhúcháin<sup>1</sup> i mBaile Átha Cliath. Bhuaigh sé duaiseanna mar amhránaí, agus i ndiaidh an chogaidh chuaigh sé go dtí an Bhreatain ar lorg oibre. Phós sé ann, ach ní raibh rath ar an bpósadh. Bhí éileamh air mar amhránaí i gclubanna ceoil Shasana agus na hAlban, agus chuir sé fadcheirnín<sup>2</sup> amach sa bhliain 1963: ‘Joe Heaney: Irish Traditional Songs in Gaelic and English’.

Chuir sé faoi i mBaile Átha Cliath agus bhí sé mór leis na Clancy Brothers. Ba iad na Clancys a chuidigh leis dul go dtí na Stáit nuair a bhí ag teip air beatha a thuilleamh in Éirinn mar amhránaí. Tháinig cáil air mar amhránaí sna Stáit, cé gur beag baint a bhí aige le Gael-Mheiriceánaigh Nua Eabhrac mar a raibh sé ina chónaí ag an am. Bhí spéis ag lucht léinn ann, áfach, agus bhíodh ranganna ollscoile ar siúl aige. Bhíodh sé páirteach i bhféilte ceoil sna Stáit agus i gCeanada.

Tháinig an cumadóir *avant garde* John Cage ar a thóir. Bhí Cage ag cumadh píosa a bhí bunaithe ar *Finnegans Wake* agus bhí Joe ag teastáil uaidh mar amhránaí. Cuireadh an píosa i láthair sa bhliain 1980. Meascán ceoil, amhránaíochta, léitheoireachta, agus fuaimneanna fánacha a bhí ann. Bhí a lán ceoltóirí Éireannacha páirteach ann ach deirtear gurb é Joe is mó a chuaigh amach<sup>3</sup> ar shaothar agus ar aigne Cage.

Faoin mbliain 1982 bhí sé ina chónaí in Seattle, áit ar cailleadh ann é sa bhliain 1984.

Níor naomh é Joe Éiniú: bhí sceachaireacht<sup>4</sup> ann, agus níorbh fhear maith teaghlaigh é. Ach ba thogha amhránaí é i nGaeilge agus i mBéarla, agus mar amhránaí a chuimhneofar air.

### **Forgotten War: Henry Reynolds agus stair na gcogáí Bundúchasacha**

Tá cáil ar Henry Reynolds mar staraí a thug léargas ar scéal atá idir<sup>5</sup> chasta agus uafásach: scéal an chomhraic a bhí ar siúl idir coilínigh Eorpacha agus Bundúchasaigh san Astráil sa naoú haois déag. Scríobh Reynolds a lán leabhar a chuaigh i bhfeidhm ar mhuintir na hAstráile. Chuaigh siad i bhfeidhm ar dhearcadh na mbreitheamh in Ard-Chúirt na hAstráile i leith<sup>6</sup> chearta na mBundúchasach. Anois tá leabhar nua aige: *Forgotten War*.

Cuireann Reynolds an cheist seo: Cén fáth a bhfuil drogall ar phearsana poiblí a admháil gur cogadh ceart a bhí ar siúl sa tír idir Eorpaigh agus Bundúchasaigh? Deireadh na coilínigh féin go raibh cogadh ar siúl. Ansin, nuair a bhí an tír sealbhaithe acu ligeadh an comhrac chun dearmaid.

Níorbh é sin deireadh an scéil. Sna seascaidí thosaigh daoine ag cur suime in iarsmaí an chiníochais, agus bhí na Bundúchasaigh féin ag éileamh cirt agus cúitimh. Thug antraipeolaithe, staraithe, scríbhneoirí agus scannánaithe aird ar an scéal. Sa bhliain 1990 chealaigh Ard-Chúirt na hAstráile teoiric *terra nullius*, teoiric a dúirt nach raibh an tír i seilbh dream ar bith sular tháinig na hEorpaigh. Bhí conspóid ann.

Deir Reynolds gur maraíodh timpeall 2,500 coilíneach agus gur gortaíodh a oiread eile.<sup>7</sup> B’fhéidir gur maraíodh timpeall 30,000 Bundúchasach ar fud na tíre. Admhaíonn staraithe míleata na hAstráile

<sup>1</sup> Coláiste ullmhúcháin – preparatory college (for teachers)

<sup>2</sup> Fadcheirnín – (longplaying) record

<sup>3</sup> Chuaigh amach (ar) – had a deep understanding of

<sup>4</sup> Sceachaireacht - prickliness

<sup>5</sup> Idir – here means ‘both’ and is followed by séimhiú.

<sup>6</sup> I leith - regarding

<sup>7</sup> A oiread eile – as many again

gur cogadh a bhí ann, ach ní chuimhníonn mórán daoine ach ar na cogáí a raibh saighdiúirí Astrálacha ag troid iontu thar lear. Tugtar aitheantas anois do shaighdiúirí Bundúchasacha, ach is beag aitheantas a thugtar do na Bundúchasaigh a bhí ag troid leis na coilínigh.